

# Tacú le Daltaí le Riachtanais Oideachais Speisialta \* Príomhghníomhaíochtaí d'Iar-Bhunscoileanna

## Contanam Tacaíochta do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais a Chur i bhFeidhm:

### Trí Chéim sa Chur Chuige

#### 1. Riachtanas a aithint

- ◆ Bain úsáid as an **bpróiseas réiteach fadhbanna sa Chontanam Tacaíochta** chun riachtanais acadúla, shóisialta agus mhothúchána a aithint agus chun freagairt dóibh
- ◆ Sonraí a bhailiú agus a anailísiú ó **agallamh**, ó **mheasúnú curaclam-bhunaithe**, ó **scagadh** agus ó **mheasúnú diagnóiseach**, agus freisin ó **thuairiscí gairmiúla**, de réir mar is cuí
- ◆ **Plé a dhéanamh** le tuismitheoirí agus le daltaí, agus le gairmeoirí seachtracha ábhartha, de réir mar is cuí
- ◆ An **Comhad Tacaíochta Dalta** a úsáid chun riachtanais aitheanta agus measúnaithe, tacaíochtaí idirbheartaíochta agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a chlárú

#### 2. Freastal ar an riachtanas

- ◆ Cuir chuige **luath-idirbheartaíochta** a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú chun scileanna acadúla, sóisialta agus mothúchána a chur chun cinn
- ◆ Comhoibríonn an múinteoir ábhair, an múinteoir riachtanais speisialta, tuismitheoirí agus daltaí chun **sainspríocanna am-dhírthe** a leagan amach
- ◆ Idirbheartaíochtaí a mheaitseáil go cúramach leis an **riachtanas aitheanta**
- ◆ Leanúint le **cuir chuige teagaisc éifeachtacha** a chothú, ar a n-áirítear **difreálú** san ábhar agus sna gníomhaíochtaí lena dheimhniú go mbíonn **gach dalta** gafa go feidhmiúil i ngníomhaíochtaí foghlama a mbíonn cuspóirí fiúntacha ag baint leo

#### 3. Torthaí foghlama a mhonatóireacht agus a athbhreithniú

- ◆ Ag baint úsáide as eolas bonnlíne, **dul chun cinn a athbhreithniú agus a chlárú** agus pleanáil do na chéad chéimeanna eile i ndul chun cinn na ndaltaí
- ◆ **Pleananna tacaíochta** a bhíonn soiléir, úsáideach agus ar féidir iad a thuiscint agus a roinnt gan go héasca a choimeád
- ◆ **Torthaí foghlama a athbhreithniú** ag na leibhéil aonair, grúpa, ranga agus scoile uile



### Contanam Tacaíochta

Cuidíonn an **Contanam Treoirínte Tacaíochta** le scoileanna riachtanais a aithint agus freagairt dóibh

### Cuir Chuige sa Scoil Uile

- ◆ Leanúint le **timpeallacht ionchuimsitheach foghlama** a fhorbairt ina mothaíonn **gach dalta** go bhféiltítear rompu, go léirítear meas orthu agus go mbíonn siad rannpháirteach i saol na scoile
- ◆ **Cur chuige scoile uile** a ghlacadh maidir le polasaithe agus cleachtais a athbhreithniú ar fhoghlaim, ar iompar agus ar fholláine
- ◆ A bheith gafa i **bhforbairt ghairmiúil leanúnach** chun scileanna **na múinteoirí uile** maidir le daltaí le riachtanais speisialta oideachais a shaibhriú

### Comhad Tacaíochta Dalta

Acmhainn solúbtha a chuireann ar chumas scoileanna idirbheartaíochtaí a phleanáil agus dul chun cinn a rianadh tríd an gcontanam tacaíochta.



### An leithdháileadh ar thacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta

Ba chóir go mbeadh **leibhéal agus ábhar na tacaíochta** af freastal ar **shainriachtanais** na ndaltaí mar atá ina bpleananna tacaíochta agus ba chóir go mbeadh **bonn eolais** acu ó **mhonatóireacht agus athbhreithniú** cúramach ar dhul chun cinn

Tacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta a dháileadh de réir na riachtanas aitheanta, ag deimhniú go mbíonn **fáil ar an leibhéal tacaíochta is mó acu siúd leis an leibhéal riachtanais is airde**

\* Treoirínte d'Iar-Bhunscoileanna: <https://www.education.ie/ga/An-C%C3%B3ras-Oideachais/Oideachas-Speisialta/Treoirínte-d%E2%80%99Iar-bhunscoileanna-Ag-Tacú-le-Daltaí-i-Scoileanna-Príomhshrutha-a-bhfuil-Riachtanais-Speisialta-Oideachais-acu.pdf>